# Caibidil 1

## Cé a Scaoil an tUrchar?

An bhfuil duine ar bith in Éirinn nach cuimhin leis an cluiche iontach úd i bPáirc an Chrócaigh an uair dheiridh a bhí Seán Ó Glaimhín ag imirt? Níor lá breá go dtí é. Ba mhillteanach an slua a bhí ann – ní raibh líon na ndaoine chomh mór riamh roimhe. I rith na seachtaine roimhe sin, bhí gach uile thraein a tháinig go Baile Átha Cliath lán agus thar a bheith lán. Bhailigh líne leathan daoine isteach i bpáirc na himeartha i bhfad roimh am tosaithe an chluiche. Bhí lucht díolta na n-úll ann agus iad ag scairteach in ard a gcinn is a ngutha. Lucht an uachtair reoite, bhí siad ann go flúirseach agus iad ag séideadh na stoc go dtí gur dhóigh leat go bpléascfaidís a gcuid scamhóg. Bhí uisce súilíneach le fáil go réidh – agus uisce de shaghas eile a thugann beatha do dhuine, más fíor na scéalta.

Bhuail Buíon Cheoil an Airm, Uimhir 1, suas roinnt foinn Ghaelacha. Chan an slua 'Rosc Catha Uí Dhomhnaill' agus 'An Chruit a Scaip' agus gach duine ag béiceach ar eagla go mbeadh a ghuth báite ag gutha na gcomharsan.

'Beidh piachán ionat ina dhiaidh seo,' arsa Réics Carló le Brian Ó Ruairc.

Bhí meangadh gáire ar bhéal an lorgaire chlúitigh.

'"Tógfaimid gáir na laoch – rosg catha Chuinn is Aodha – fágaigí an bealach ag sluaite na bhFiann!" Tá an ceart agat, a Réics,' arsa Brian, 'ach is cuma sa diabhal. Ní bheidh lá mar é seo ann go ceann i bhfad arís!'

'Is fíor duit,' arsa Réics agus gal fhada á tarraingt aige as a phíopa. 'Ach féach, tá na foirne ag teacht amach ar an bpáirc.'

Tógadh na gártha. Ó dhuine liath go leanbh, sheas an slua ar a mbarraicíní chun na fir a fheiceáil.

'Ciorcal Dearg abú!' a bhéic na daoine a raibh an suaitheantas sin ar a gcótaí acu.

'Fir an Iarthair chun bua!' arsa an dream a bhí fabhrach do na hiománaithe ó Chonnachta.

Is iomaí méar a síneadh i dtreo Sheáin Uí Ghlaimhín agus é ag siúl amach ar an bpáirc. Ní raibh aithne ag aon duine de lucht leanúna iománaíochta ar Sheán, bliain roimhe sin. Thuig captaen an Chiorcail Dheirg a chuid gnóthaí, áfach. Chonaic sé Seán ag imirt i bhfoireann anaithnid éigin lá amháin agus rug greim air. Bhí a fhios ag fia agus ag fiolar nach mbeadh an Ciorcal Dearg sa chluiche ceannais, mura mbeadh go raibh Seán ann. Bhí na nuachtáin lán dá ghaiscí le tamall agus bhí an

lucht féachana, go mór mór muintir na tuaithe, ag déanamh deimhin de lán na súl a bhaint as an iománaí seo ón gcathair a shroich an t-ionad is airde i saol iománaíochta na hÉireann chomh tapa sin. Páiste scoile ar bith a bheadh go maith ag an gcluiche, déarfadh a athair leis: 'Beidh tú chomh maith le Seán Ó Glaimhín amach anseo, Dia do do bheannú.'

Níor fhág sin fuíoll molta air mar pháiste.

'Tá gnaoi na ndaoine ar Sheán Ó Glaimhín,' arsa Réics.

'Beidh spórt ann inniu,' a d'fhreagair Brian.

'Arsa tusa!'

Séideadh an fheadóg. Cuireadh tús leis an gcluiche. Bhí na mílte súil dírithe ar an bpliasóg. Bhí gach ní dearmadta ag cách ach amháin an choimhlint fhíochmhar a bhí ar siúl. Bhí Seán Ó Glaimhín ar iománaithe breátha na hÉireann. Rinne sé gaiscí an lá sin a chuir na daoine ag bualadh bos arís agus arís eile. Ní dhearna sé aon dá chuid dá dhícheall. Ghluais sé ar nós splanc thintrí. An áit is déine an choimhlint, bhí seisean ina lár.

Tharla an tubaiste ansin. Bhí Seán tar éis cúl breá a fháil agus bhí bualadh millteach bos ann nuair a thit sé ina chrunca ar an talamh. Bhailigh an lucht imeartha thart air. Rith fear de chuid Otharsheirbhís Naomh Eoin i dtreo an scata agus mála bán á

oscailt aige ar an mbealach. Deoch bhranda a bhí de dhíth ar an iománaí, a mheas sé. Ach, féach! Bhí duine ó cheann de na foirne ag cur na páirce de ina sheanrith agus é ag déanamh ar phóilín ar an taobhlíne. Bhí ciúnas i measc an tslua – ciúnas an uafáis. Labhair an fear cúpla focal leis an nGarda. Thóg seisean feadóg as a phóca agus chuir chun a bhéil í. Bhailigh póilíní as gach aon áit chomh gasta le healta éan. Bhí Cigire ina measc.

Idir an dá linn, bhí an t-iománaí á iompar ón bpáirc. Bhí an fhuil go tiubh leis.

'Cad a tharla?' a d'fhiafraigh Réics Carló de dhuine den lucht imeartha agus é ag gearradh a shlí tríd an slua.

'Dúnmharú! Piléar tríd an gcluas! Ar an dé deiridh atá sé!' ar seisean go gonta.

Bhí na póilíní ag iarraidh na daoine a choimeád siar ón scata beag a bhí ag tógáil Sheáin Uí Ghlaimhín go dtí ceann de na seomraí feistis. Chrom an Cigire ar orduithe a thabhairt do scata eile póilíní a bhailigh sé thart air féin. Chuir sé fir go dtí gach geata san áit. Chuir sé a thuilleadh trasna chun an chnoic ar an taobh eile den pháirc agus cuid eile go dtí an bóthar iarainn. Nuair a cuireadh an t-iománaí ina luí ar bhord i gceann de na seomraí, cuireadh an ruaig ar gach duine ach amháin an dochtúir, an Cigire agus beirt phóilíní. Fágadh beirt Ghardaí

eile lasmuigh den doras chun daoine fiosracha a choimeád amuigh. Thaispeáin Réics Carló cárta do dhuine díobh sin.

'Tá aithne mhaith ag Séamus Ó Laoire orm,' ar sé.

Níor ghá dó ainm an Chigire a lua. Ba leor don Gharda breathnú ar an ainm a bhí ar an gcárta. Chuir sé lámh chun a hata go tapa.

'Lig isteach é,' ar sé leis an bhfear eile. 'Réics Carló atá ann.'

Lean Brian Ó Ruairc an lorgaire isteach. Dúnadh an doras agus casadh an eochair arís ina ndiaidh. Bhí an dochtúir ag déanamh mionscrúdú ar an iománaí agus an Cigire ina sheasamh i leataobh. Bheannaigh sé os íseal do Réics agus dá chúntóir.

'Tá áthas orm go bhfuil tú anseo,' ar sé agus é ag croitheadh láimhe leo.

'An bhfuil sé gonta go mór?' arsa Réics.

De ghuth an-chiúin a thug Séamus Ó Laoire freagra air.

'Chomh dona sin nach féidir linn é a thabhairt chun an ospidéil, mar ní cheadódh an dochtúir é a chorraí.'

D'ardaigh an dochtúir a cheann an nóiméad sin.

'Tá sé marbh,' ar sé go mall.

*****

DÚNMHARÚ I BPÁIRC AN CHRÓCAIGH

IOMÁNAÍ CÁILIÚIL MARBH

DÚNMHARÚ AG AN GCLUICHE CEANNAIS

Bhí na ceannlínte sin ar fud na tíre. Rith na buachaillí amach ar na sráideanna agus bearta nuachtán faoina n-ascaill. Díoladh gach cóip laistigh de chúpla nóiméad. D'imigh siad ar ais sna firmimintí chun tuilleadh a fháil. Chuir daoine sna siopaí agus sna tithe cluas orthu féin agus chuir siad teachtairí amach chun nuachtán a cheannach. Scinn mótair trí na sráideanna agus eagráin speisialta orthu á dtabhairt sna ceithre hairde. D'iarr eagarthóirí ar iriseoirí deireadh a chur le pé rud a bhí ar siúl acu agus cás Sheáin Uí Ghlaimhín a thógáil orthu féin. Bhí an scéal céanna le sonrú i ngach oifig nuachtáin.

'Bhuel?'

B'in é an cheist nuair a thagadh na hiriseoirí ar ais. Agus an freagra:

'Deamhan rud – ach amháin go bhfuil sé marbh.'

Ansin, eascainí a scoiltfeadh carraig ar bith in Éirinn.

'Tá a fhios agam go bhfuil sé marbh! Cé a rinne é? Cé a rinne é? Cad iad na focail deiridh a dúirt sé sula bhfuair sé bás? An bhfuil a mháthair beo? An bhfuil brón uirthi? Cad a dúirt sí nuair a tháinig an sreangscéal? Ó, go bhfóire Dia orainn! Dúnmharú iontach a líonfadh a scéala nuachtán iomlán, agus gan de thuarascáil agaibhse ach go bhfuil an fear marbh!'

*****

Bhí Réics Carló agus Brian Ó Ruairc sa leabharlann i dteach an lorgaire tráthnóna an lae arna mhárach. Bhí Réics ag ligean a scíthe i gcathaoir uillinne agus é go smaointeach. Bhí a phíopa ar liobarna óna bheola – b'annamh gan é ina bhéal aige – ach bhí sé dulta as. Bhí leathlámh faoina smig aige agus bhí déine ina shúile. Tráth ar bith a mbíodh an lorgaire mar sin, ba chinnte go raibh ballaí arda an phríosúin ag druidim níos cóngaraí do choirpeach éigin. Is iomaí coirpeach a chuir a mhallacht ar an mbleachtaire lena ré toisc gur cheangail sé cnáib an bháis ar a mhuineál aige nuair a bhí teipthe ar na póilíní tásc ná tuairisc de a fháil. Nuair a bhíodh Ceannfoirt na nGardaí i mBaile Átha Cliath i gcruachás mar gheall ar aon ní, deiridís i gcónaí: 'Cuir

fios ar Réics Carló!'

'Ar an gcéad dul síos, ceapann na Gardaí go ndearnadh an dúnmharú seo cionn is go raibh duine nó dream éigin nach raibh sásta leis na gaiscí a bhí á ndéanamh ag an iománaí ar pháirc na himeartha. Éad ba chúis leis, dar leo. Táimid ar aon aigne nach fíor an méid sin?'

Réics a bhí ag caint.

'Tá,' arsa Brian.

Bhí sé mar nós ag an lorgaire clúiteach a bheith ag dul thar na pointí uile a bhí faighte amach aige ar an gcuma sin, féachaint an bhféadfadh sé ciall nua a bhaint astu.

'Tá an t-ionad ónar scaoileadh an t-urchar aimsithe ag na Gardaí. Cruthaíonn an píosa miotail a fuarthas gur raidhfil Springfield a bhí ag an gcoirpeach.[1] Táthar geall le bheith cinnte, ón tslí inar aimsíodh Seán Ó Glaimhín chomh néata sin, go raibh treoir ar an ngunna le cabhrú leis an ngunnadóir a sprioc a aimsiú. Ní bhíonn airm thine den chineál sin ag coirpigh aonair. Bíonn siad ag na buíonta – ag na dreamanna a mbíonn meaisínghunnaí Thompson acu.[2] Is é is dóichí, mar sin, ná go raibh an coirpeach ina bhall de bhuíon éigin. An bhfuil sé sin ceart go leor?'

‘Tá,’ arsa Brian.

Bhí a fhios ag cúntóir an lorgaire go raibh sraith smaointe ag rith trí cheann an fhir eile, agus nach mbeadh le déanamh aige féin ach ‘Tá’ nó ‘Is ea’ a rá ó am go ham go dtí go mbeadh sé thart. Thaitin ócáidí den saghas sin go hiontach leis. Thugaidís caoi dó staidéar a dhéanamh ar mhodh oibre a charad. Is é an aidhm a bhí curtha roimhe ag Brian ná lorgaire chomh maith le Réics a dhéanamh de féin.

‘Fuaireamar amach inniu nach Seán Ó Glaimhín ainm ceart an iománaí. Cuireadh chun an phríosúin é, cúpla bliain ó shin, faoin ainm Tadhg Ó Dálaigh. Gearradh bliain príosúnachta air, toisc baint a bheith aige le buíon smuigléirí. Ach cuireadh coir eile ina leith an uair sin, coir nach bhfuarthas go leor fianaise ina thaobh chun é a dhaoradh. Dúnmharú an choir sin. Is léir uaidh sin go raibh baint ag Tadhg Ó Dálaigh – agus a ainm ceart a thabhairt air – le domhan na coireachta le fada an lá.’

‘Is ea,’ arsa Brian.

‘Bhí Tadhg go maith ag an dornálaíocht seal dá shaol, de réir an eolais atá faighte amach ag na Gardaí. Nuair a bhí a théarma caite aige sa phríosún, d’athraigh sé a ainm. (Is féidir le duine ar bith é sin a dhéanamh go dleathach, ach an t-airgead a bheith aige chuige.) Tharla rud iontach ansin. Fuair sé post

mar gharda cosanta pearsanta ag Rí Altonia nuair a cuireadh an ruaig air siúd as an Eoraip agus nuair a chuir sé faoi in Éirinn. Cén fáth ar éirigh leis an post sin a fháil? Nach mbíonn daoine mar Rí Altonia thar a bheith cúramach nuair a bhíonn siad ag roghnú garda cosanta? Is cinnte nach gan cúnamh cumasach a fuair Tadhg an post sin. An bhfuil rud éigin ag Rí Altonia atá de dhíth ar dhaoine áirithe? Ar cuireadh an Dálach isteach mar spiaire?'

Thóg Réics spaga tobac as a phóca agus líon an píopa. Thóg sé bosca toitíní den bhord in aice leis.


'Ag caitheamh?' ar sé le Brian.

Ghlac an t-ógfhear toitín uaidh. Dhearg Réics dó é. Rinne sé féin a phíopa a dheargadh ansin.

'Ansin an nóta fuair mé i gceann de na pócaí i gcóta an fhir mhairbh. Is maith an ní gur chuimhnigh mé ar a chuid éadaigh a chuardach i ngan fhios do na Gardaí. Gach uile rud a bhí ina phócaí, lasmuigh de sin, d'fheicfeá iad i bpócaí aon duine in aon chor – píosa téide, peann luaidhe, scian phóca, roinnt bheag airgid, scriú meirgeach agus a leithéidí. Ach an nóta sin, ní thuigim é. Tá a fhios againn nach raibh mórán oideachais air, mar Thadhg, agus féach é agus nótaí ar mhórscríbhneoirí an domhain ina phóca aige. Cód de shaghas éigin atá ann. Tá

na gnáth-thrialacha go léir déanta agam leis, ach, dar a bhfuil de rógairí i Londain, ní féidir liom aon chiall a bhaint as. Ar mhiste leat é a léamh os ard arís dom, a Bhriain?'

D'oscail an Ruarcach fillteán ar an mbord agus thóg píosa páipéir as carn ann. Chrom sé ar an rud a bhí scríofa air a léamh os ard:


'Gach scéal le Scott léite anois.
Tá rud nó dhó i She Stoops to Conquer arbh fhiú iad a athléamh.
Cuntas maith i Gone with the Wind ar Chogadh Cathartha (SAM).
Saol duine i gceart-lár coille in Walden.
De réir scéil úd le Wells, daoine ar Mhars.
Ba é Honore de Balzac an chéad duine.
Deireadh Agammemnon an chéad lá a bheidh mé saor.
Cinnte nach ndéanfaidh dearmad de seic. ar leabhair Hugo.
An Ceannfort Lafayette: Meiriceá, seo chugat mé.
Gearrscéalta a scríobh Edgar A. Poe fós gan sárú.
Faigh Zadig agus Faust agus Les Miserables gan mhoill.
Caithfidh mé féachaint le cúpla leabhar eile de chuid Anton Chekhov a fháil.'

D'fhág Brian an píosa páipéir i leataobh. Rinne sé gáire.

'Beagáinín measctha,' ar sé. 'Saothar clasaiceach agus gach rud caite isteach cosúil le nótaí garbha mic léinn. Níl ciall ar bith le cuid acu agus ní miste a rá nach bhfuil an ghramadach róchruinn. An rud a scríobhann an púca, léann sé féin é, is dócha!'

'Tá réiteach na ceiste seo go léir ann, a Bhriain, mura bhfuil dul amú orm,' arsa Réics go mall. 'Agus bhí an stíl chéanna sna píosaí páipéir a fuaireamar nuair a rinne mé cuardach aréir ar an seomra a bhí ag Tadhg Ó Dálaigh. Bhí an t-ádh linn a bheith roimh na póilíní san áit sin freisin. B'fhéidir go mbeimis ábalta rud éigin a dhéanamh as na nótaí go léir. Is iontach ar fad é dúinne a bheith ag fáil nótaí den saghas sin agus gan d'ábhar léitheoireachta sa seomra ach úrscéilíní ar nós *Dúnmharú sa Chlub Oíche*. Agus bhí duine éigin ag cuardach an tseomra sin romhainn. Ní fheadar cé a bhí ann? Agus cad a bhí uaidh?'

Nuair a chuaigh Réics isteach sa seomra a bhí ag an Dálach an oíche roimhe sin tar éis dó a chárta a thaispeáint do bhean an tí, bhí gach ball troscáin san áit caite timpeall gan ord, gan eagar. Bhí a fhios aige nárbh iad na Gardaí a rinne an méid sin.

'Is eagal liom, a Bhriain mo chroí istigh, is eagal liom go bhfuil an rúndiamhair seo ag éirí beagáinín beag rórúnda

dúinn!' arsa Réics. 'Gréasán aimhréidh atá ann, gan aon agó. Dornálaí, iománaí, athphríosúnach, garda cosanta rí, duine a léann úrscéilíní fola agus a mbíonn nótaí aige ar an ardlitríocht, fear á mharú agus na mílte duine i láthair, duine anaithnid ag cuardach sheomra an fhir mhairbh. Deirim leat, a Bhriain, go bhfuilimid go maith, go raibh maith agat, conas atá tú féin? Ní haon dóithín é an duine a réiteodh an fhadhb seo. Is dóigh liom go bhfuil an t-am tagtha chun ár gceann a shá isteach sa ghaineamh ar nós na hostraise!'

Bhí Brian eolach ar an lorgaire le fada an lá. Thuig sé go raibh sé tar éis léas solais a fheiceáil tríd an dorchadas. Níor chuir sé ceist air faoi. Bhí a fhios aige go n-inseodh Réics an t-iomlán dó chomh luath in Éirinn is a bheadh sé deimhin den rud a bhí ina aigne féin.

'Bhuel, a Bhriain, ní bheidh tú ag teastáil uaim a thuilleadh inniu,' arsa Réics agus é ag méanfach. 'Más maith leat an Mercedes a thógáil amach, déan é, cinnte. Ní bheidh sé ag teastáil uaimse. Táim féin ag dul ag obair ar na nótaí sin chun an cód a dhéanamh amach. Go bhfóire Dia ar lorgairí bochta!'

Las aghaidh an ógfhir le gliondar.

'Míle buíochas,' ar sé go croíúil.

'Ná coinnigh Cáit amuigh go ródhéanach!' arsa Réics agus

Brian ag dul amach an doras.

Rinne Brian gáire agus bhí deirge ina leicne. Shuigh Réics síos agus beart beag nótaí ar litríocht agus ar scríbhneoirí os a chomhair amach.